**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

**DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH 2007, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar a bheith ar an ábhar.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT.**

## ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Luaigh **CEITHRE** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh teacht ar gheilleagar na hÉireann de bharr **boilsciú praghsanna**.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(16 mharc)**

**2.** Luaigh **TRÍ** bhonn tuisceana atá mar bhunús le **Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh**.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**3.** Ceannaíonn tomhaltóirí 50 aonad de tháirge nuair atá praghas €1.50 air. Nuair a íslítear an praghas go €1, ceannaíonn tomhaltóirí 90 aonad. Bain úsáid as foirmle chuí agus ríomh **praghasleaisteachas an éilimh** do na tomhaltóirí. **Taispeáin do chuid oibre agus mínigh do fhreagra**.

| **Obair** | **Míniú:** |
|---|---|
| | ______________________________ |
| | ______________________________ |
| | ______________________________ |
| | ______________________________ |

**(16 mharc)**

**4.** Caithfidh gnólachtaí, atá ag iarraidh dul isteach i margadh **monaplachta**, bacainní iontrála a shárú. Tabhair breac-chuntas ar **THRÍ** bhacainn iontrála dá leithéid.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **THRÍ** fheidhm / fhreagracht atá ag/ar **Bhanc Ceannais na hEorpa (ECB)**.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** chúinse ina bhféadann toisc tháirgthe **Cíos Eacnamaíoch** a thuilleamh.

**(i)** ____________________________________________

____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

____________________________________________

**(17 marc)**

**7.** 'Tá grúpa baincéireachta Éireannach mar úinéirí ar 30 oifig bhrainse. Níl deischostas ar bith ar an ngrúpa baincéireachta, agus na hoifigí seo á n-úsáid acu, mar is leo iad ar fad.' **Fíor / Bréagach**.

Cuir ciorcal timpeall ar do rogha freagra agus tabhair míniú ar do fhreagra in aon abairt amháin.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**(17 marc)**

**8.** Sainmhínigh **<u>Costais Shóisialta</u>**. Luaigh **DHÁ** shampla thábhachtacha de chostais shóisialta atá ar gheilleagar na hÉireann faoi láthair.

**Sainmhíniú** ____________________________________________

____________________________________________

**Sampla 1**: ____________________________________________

**Sampla 2**: ____________________________________________

**(17 marc)**

**9.** Tháinig méadú mór ar chostais fuinnimh (e.g. leictreachas) in Éirinn i rith 2006.
Tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** <u>chúis eacnamaíocha</u> leis an méadú sin <u>agus</u> **DHÁ** <u>thoradh eacnamaíocha</u> ar an bhforbairt áirithe seo do gheilleagar na hÉireann.

**Cúiseanna:**

**(i)** ____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

**Torthaí:**

**(i)** ____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

**(17 marc)**

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.**

# ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** **(i)** Sainmhínigh na téarmaí eacnamaíochta: **soláthar (gnólachta) aonair; soláthar margaidh.**

**(ii)** Mínigh, le cabhair léaráidí lipéadaithe, an gaol idir soláthar (gnólachta) aonair agus soláthar margaidh.

*(20 marc)*

**(b)** Mínigh, le cabhair léaráide lipéadaithe, cuar an tsoláthair ag gnólacht aonair **i ngach** ceann de na hócáidí seo a leanas. Luaigh sampla amháin **i ngach** cás.

**(i)** Tá an gnólacht sásta an soláthar a mhéadú de réir mar a théann an praghas in airde, ach tá íosphraghas ann agus ní dhéanfaidh an gnólacht soláthar faoina bhun sin in aon chor.

**(ii)** Ní féidir le gnólacht soláthar a dhéanamh ach suas le cumas táirgeachta uasta.

**(iii)** Táirge seasta atá ann ó thaobh soláthair de (e.g. earra meatach) agus tá an gnólacht ag oibriú go gearrthréimhseach.

*(30 marc)*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **CHEITHRE** thoisc, seachas praghas, a mbíonn tionchar acu ar chuar an tsoláthair ag gnólacht aonair. I ngach cás, mínigh conas a bhíonn tionchar ag an toisc ar chuar an tsoláthair.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**2.** **(a)** **(i)** Is **'praghas-ghlacadóir'** é gnólacht atá ag oibriú faoi choinníollacha na hiomaíochta foirfe. Mínigh an coincheap 'praghas-ghlacadóir'.

**(ii)** Mínigh, le cabhair léaráide lipéadaithe, staid chothromaíochta gnólachta atá in **iomaíocht fhoirfe ghearrthréimhseach.**

*(25 marc)*

**(b)** Bain feidhm as léaráid(í) lipéadaithe agus mínigh an tionchar a bheadh ag gnólachtaí nua ar an margadh **agus** ar staid chothromaíochta an ghnólachta seo.

*(25 marc)*

**(c)** **(i)** Sa lá inniu, déanann a lán gnólachtaí **difreáil táirgí**. Mínigh an téarma seo a bhfuil líne faoi agus taispeáin, le samplaí oiriúnacha, conas is féidir é a dhéanamh.

**(ii)** Mínigh an tionchar atá ag difreáil táirgí ar chuar an mheánioncaim (AR) agus ar chuar an ioncaim imeallaigh (MR) ag gnólacht a d'oibrigh roimhe seo faoi choinníollacha na hiomaíochta foirfe.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**3.** **(a)** Tá an t-éileamh ar lucht saothair mar thoisc tháirgeachta ina **éileamh díorthaithe** agus tá sé faoi thionchar ag **Táirgiúlacht Theorannach Ioncaim** (MRP) na toisce sin.

**(i)** Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** ócáid, seachas titim san MRP, arbh é an toradh a bheadh orthu ná go **laghdódh** gnólacht líon a chuid fostaithe.

*(20 marc)*

**(b)** **(i)** Luaigh, agus mínigh, **TRÍ** thoisc a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar **sholáthar** lucht saothair do gheilleagar na hÉireann.

**(ii)** Tá an t-éileamh ar lucht saothair méadaithe go mór in earnálacha áirithe i ngeilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas, e.g. an tógáil.
Pléigh **TRÍ** iarmhairt eacnamaíocha a éiríonn as seo.

*(30 marc)*

**(c)** 'Nuair atá lánfhostaíocht (nó gar di) i ngeilleagar na hÉireann, tá sé tábhachtach go mbeadh oiread **soghluaisteacht ghairme** agus **soghluaisteacht gheografach** i measc an lucht saothair agus is féidir.'

**(i)** Idirdhealaigh idir an dá théarma a bhfuil líne fúthu.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **THRÍ** bheartas eacnamaíocha a mhéadódh soghluaisteacht ghairme **nó** soghluaisteacht gheografach i measc an lucht saothair in Éirinn.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**4.** **(a)** Is samplaí de chórais eacnamaíochta iad **Saorfhiontraíocht (Laissez Faire)** agus **Geilleagar Ceannasach (Pleanáil Lárnach).**

**(i)** Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**(ii)** Maidir le ceann amháin ar bith de na córais eacnamaíochta thuas, tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** bhuntáiste agus ar **DHÁ** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis.

*(25 marc)*

**(b)** **(i)** 'Is féidir a rá gur **Geilleagar Measctha** é Geilleagar na hÉireann.
Tabhair breac-chuntas ar **CHEITHRE** shampla de ghníomhaíocht eacnamaíoch i ngeilleagar na hÉireann chun tacú leis an tuairim seo.

**(ii)** Cé acu an tsaorfhiontraíocht nó an phleanáil lárnach is dóigh leat atá ag éirí níos coitianta i ngeilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas? Mínigh do fhreagra agus tú ag baint úsáide as samplaí cuí.

*(30 marc)*

**(c)** I gcás **BEIRT** ar bith de na heacnamaithe seo a leanas, tabhair breac-chuntas ar **DHÁ** bheart atá déanta **ag gach** duine acu chun tuairimí eacnamaíocha a chur chun cinn:

Adam Smith; Alfred Marshall; John Maynard Keynes; Milton Friedman.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

**5.** **(a)** Mínigh na téarmaí eacnamaíochta seo a leanas agus bain úsáid as samplaí cuí i ngach cás:

**(i)** **Buiséad Reatha an Rialtais;**
**(ii)** **Buiséad Caipitiúil an Rialtais;**
**(iii)** **Buacacht Ioncaim;**
**(iv)** **Cánachas Aischéimnitheach.**

*(25 marc)*

**(b)** Luaigh agus mínigh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag gach ceann de na forbairtí seo a leanas ar **bhuiséad rialtais**:

**(i)** ardú ar rátaí úis sa gheilleagar;
**(ii)** titim i ráta an dleacht stampála ar fhoirgnimh a cheannaítear;
**(iii)** fóirdheontas a thabhairt isteach i gcomhair cúram leanaí, a d'íocfaí le gach teaghlach laistigh den stát.

*(30 marc)*

**(c)** Tá tú ceaptha mar Chomhairleoir Eacnamaíochta don Aire Airgeadais.
Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí eacnamaíochta a chuirfeá i láthair an Aire i bhfabhar rátaí cáin ioncaim a ísliú in Éirinn.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

**6.** **(a)** Is iad príomh-chomhpháirteanna an Ioncaim Náisiúnta ná:
Tomhaltas, Infheistíocht, Caiteachas Rialtais, Onnmhairí, Allmhairí.

**(i)** Taispeáin an chothromóid a cheanglaíonn na comhpháirteanna seo go léir le leibhéal an Ioncaim Náisiúnta sa gheilleagar.

**(ii)** Mínigh an rud a shocraíonn / a bhfuil tionchar aige ar mhéid **gach** ceann de chomhpháirteanna seo an Ioncaim Náisiúnta.

*(25 marc)*

**(b)** Sa tábla thíos taispeántar leibhéal an Ioncaim Náisiúnta, Tomhaltas, Infheistíocht, Onnmhairí agus Allmhairí ag deireadh Bhliain 1 agus Bhliain 2.
(Is féidir leat neamhaird a thabhairt ar earnáil an rialtais sa cheist seo.)

| Bliain | Ioncam Náisiúnta | Tomhaltas | Infheistíocht | Onnmhairí | Allmhairí |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €10,000 | €8,600 | €1,000 | €1,200 | €800 |
| 2 | €11,200 | €9,500 | €1,300 | | €1,100 |

Ríomh iad seo a leanas agus taispeáin do chuid oibre go léir:

**(i)** Leibhéal na nOnnmhairí i mBliain 2;
**(ii)** An Claonadh Imeallach chun Allmhairithe;
**(iii)** An Claonadh Imeallach chun Coigiltis;
**(iv)** Méid an Iolraitheora. Mínigh an bhrí eacnamaíoch atá leis an bhfigiúr iolraitheora seo.

*(25 marc)*

**(c)** Is é an príomhchúram a bhíonn ar thíortha tearcfhorbartha (LDC) ná **forbairt eacnamaíoch** a bhaint amach agus is é an príomhchúram a bhíonn ar thíortha forbartha ná **fás eacnamaíoch** a bhaint amach.

**(i)** Idirdhealaigh idir an dá théarma a bhfuil líne fúthu.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **THRÍ** thréith a thaispeánann go bhfuil tír tearcfhorbartha (i.e. gur LDC é).

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**7.** **(a)** Tá Comhardú na nÍocaíochtaí comhdhéanta den **Chuntas Reatha** agus den **Chuntas Caipitiúil**.

Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu. Bíodh sonraí faoi phríomh-chomhpháirteanna **gach** cuntais i do chuid mínithe.

*(30 marc)*

**(b)** Cuir i gcás go n-éiríonn luach an euro i gcomparáid leis an dollar Meiriceánach ($) agus le steirling (£). Tabhair breac-chuntas ar an tionchar is dócha a bheadh ag an méadú seo ar **THRÍ** cinn ar bith de na comhpháirteanna de Chomhardú na nÍocaíochtaí atá sa liosta agat in **(a)** thuas. [Ba chóir duit comhpháirt amháin ar a laghad as an gCuntas Caipitiúil a lua.]

*(25 marc)*

**(c)** Tá méadú an Aontais Eorpaigh (AE) ag leanúint ar aghaidh. Tháinig an Bhulgáir agus an Rómáin isteach in Eanáir 2007. Tá 27 ballstát san AE faoi láthair.

Pléigh **CEITHRE** iarmhairt eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann de bharr phróiseas méadaithe an AE.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

**8.** **(a)** Bain úsáid as figiúirí cuí agus tabhair breac-chuntas ar an tslí ar fheidhmigh geilleagar na hÉireann le dhá mhí dhéag anuas i n**gach** ceann de na réimsí seo a leanas:

**(i)** fostaíocht;
**(ii)** rátaí úis;
**(iii)** boilsciú praghsanna;
**(iv)** cánachas rialtais.

*(20 marc)*

**(b)** **(i)** Luaigh agus mínigh **CEITHRE** aidhm eacnamaíocha ag rialtas na hÉireann.

**(ii)** Pléigh **DHÁ** shampla de bheartais eacnamaíocha a thabharfaí isteach chun aidhm eacnamaíoch amháin a bhaint amach, ach a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos deacra ceann de na haidhmeanna eile a bhaint amach.

*(25 marc)*

**(c)** **'**Bhí an **cóimheas Fiachas Náisiúnta** / **Olltáirgeacht Intíre (GDP)** os cionn 90% i rith an chéad leath de na 1990-idí ach thit sé go dtí tuairim is 25.1% ag deireadh 2006.' (Gníomhaireacht Bhainistíochta na Cistíochta Náisiúnta)

**(i)** Mínigh go hachomair gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na sochair eacnamaíocha a bhaineann geilleagar na hÉireann as an athrú sin.

*(30 marc)*
**[75 marc]**

## Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.

# Leathanach Bán